



Ciorclán Uimhir: 46/2021

**Chuig: Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú & na Mí  
(BOOLM)**

## **Socruithe chun Foireann a Thoghadh do Bhord BOOLM**

A Phríomhfheidhmeannaigh, a chara,

Tá na socruithe do gach céim de thoghcháin foirne BOO leagtha amach i Rialacháin an Achta um Bhoird Oideachais agus Oiliúna 2013 (Foireann a Thoghadh) 2014 (na “Rialacháin”). Foráiltear leis na Rialacháin freisin, nuair is féidir, painéal a bhunú chun folúntais ócáideacha a líonadh.

Is é aidhm na Ciorclán seo soiléiriú a sholáthar ar shaincheisteanna áirithe chun ligean do BOOLM socruithe a dhéanamh chun baill foirne a thoghadh ar bhord BOOLM i gcás inar tharla folúntais foirne agus i gcás nach bhfuil aon phainéal i bhfeidhm chun na folúntais sin a líonadh.

Ní mór an doiciméad seo a léamh i dteannta na Rialachán.

### **1. Baill foirne a thoghadh ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

- 1.1 Foráiltear le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 (an tAcht) go dtoghfaidh comhaltaí incháilithe, baill foirne BOO, fear agus bean amháin.
- 1.2 Chun críocha thoghchán foirne 2021 ar bhord BOOLM, is éard is “ball foirne incháilithe” ann duine atá, ar an 30 Meán Fómhair 2021, fostaithe ag BOOLM mar bhall foirne agus a bhfuil a luach saothair i leith na fostaíochta sin íoctha ag BOOLM.
- 1.3 Chun críocha soiléirithe, tá feidhm ag comhalta foirne incháilithe maidir le:



(a) Foireann atá ar conradh seirbhíse an 30<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2021. I measc na gcatagóirí foirne sin bheadh foireann bhuan, lánaimseartha agus páirtaimseartha pro rata.

(b) Foireann nach bhfuil conradh seirbhíse acu an 30<sup>ú</sup> Meán Fómhair 2021, ach a thug seirbhís ar an dáta sin agus a bhfuil luach saothair seirbhíse iníoctha ina leith. I measc na gcatagóirí foirne sin bheadh foireann pháirtaimseartha íoctha in aghaidh na huaire.

(c) Foireann i Scoileanna Náisiúnta Pobail atá fostaithe ag BOOLM, cibé an bhfuil siad á n-íoc ar phárolla an BOO nó an bhfuil an Roinn ag éascú an phárolla thar a cheann, ar an gcoinníoll go bhfuil siad fostaithe ag an ETB an 30 Meán Fómhair 2021.

## **2. Ceann Comhairimh**

- 2.1 Tá Príomhfheidhmeannach gach BOOLM ceaptha ag an Aire Oideachais le bheith mar Cheann Comhairimh don BOO sin chun críocha thoghchán foirne an BOO.
- 2.2 Faoi réir na Rialachán, tá Ceann Comhairimh freagrach as réachtáil na dtoghchán.

## **3. Féilire an phróisis toghcháin**

- 3.1 Tá féilire dátaí chun críocha réachtáil na dtoghchán seo le fáil in Aguisín 1 a ghabhann leis an gCiorclán seo.
- 3.2 Is é an tAire a chinneann tromlach na ndátaí sa sceideal, de réir na Rialachán, agus níl aon chumhacht ag an gceann comhairimh na dátaí seo a athrú go haontaobhach.

## **4. Neamh-incháilitheacht gráid áirithe d'fhoireann an BOO le haghaidh ballraíochta i BOO**

- 4.1 D'fhonn an t-idirdhealú idir feidhmeanna forchoimeáidta agus feidhmeanna feidhmiúcháin in BOO a choinneáil, agus de réir Alt 32 (2)



d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013, le hordú ón Aire níl na gráid foirne bainistíochta sinsearaí seo a leanas in BOO incháilithe le haghaidh ballraíocht ar bhord oideachais agus oiliúna:

- Príomhfheidhmeannach
- Stiúrthóir Scoileanna;
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta;
- Stiúrthóir Breisoideachais & Oiliúna;
- Oifigeach Oideachais Aosaigh;
- Oifigeach Pearsanra;
- Oifigeach Airgeadais;
- Príomhoide Scoile;
- Bainisteoir Ionad Oiliúna agus Bainisteoir Cúnta;
- Bainisteoir Ionad Oideachais.

4.2 Mar an gcéanna, le hordú Aireachta, beidh gach grád foirne eile, a bhfuil a ndualgais go hiomlán nó go príomha de chineál riaracháin, feidhmiúcháin nó cléireachais agus a bhfuil an luach saothair uasta níos mó ná an luach saothair uasta do ghrád an Oifigh Chléireachais, neamh-incháilithe le haghaidh ballraíocht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna.

### **Rollaí toghcháin**

- 5.1 Ní mór rollaí sealadacha toghcháin ina bhfuil ainm agus seoltaí na mball foirne incháilithe a ullmhú chun críocha toghchán foirne a thoghadh.
- 5.2 Ba chóir uimhir uathúil a shannadh do gach duine nuair a chuirtear isteach ar an rolla é.
- 5.3 Féadfaidh seoladh oibre toghthóra a bheith ar rolla na dtoghthóirí seachas a sheoladh baile.

## **6. Ceisteanna**

- 6.1 Tá doiciméad Ceisteanna Coitianta maidir le toghchán foirne chuig ETBanna leagtha amach in Aguisín 2 den chiorclán seo. Ba chóir aon



cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm na Ciorclán seo a chur i ríomhphost chuig [financialetb@education.gov.ie](mailto:financialetb@education.gov.ie);

---

**Teresa McNeill**

**Príomhoifigeach**

**Aonad Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin an BOO**

**Meán Fómhair 2021**



## Aguisín 1: Féilire dátaí - Ionadaithe Foirne a thoghadh chuig Boird BOOLM - 2021

### Vótaíocht

Dáta	Gníomh
Dé hAoine, 21 <sup>ú</sup> Eanáir 2022	Comhaireamh na vótaí (9 a.m. -)
Déardaoin, 20 <sup>ú</sup> Eanáir 2022 faoi <b>5 i.n.</b>	An dáta deireanach chun páipéir bhallóide chomhlánaithe a fháil.
Dé Luain 20 <sup>ú</sup> Nollaig 2021	An dáta deireanach le haghaidh eisiúint doiciméad toghcháin (páipéir bhallóide)
Dé Luain, 6 <sup>ú</sup> Nollaig 2021 - <b>Tráthnóna</b>	Fógra Vótaíochta

### Ainmniúcháin

Dáta	Gníomh
Dé Luain, 6 <sup>ú</sup> Nollaig 2021 - <b>Tráthnóna</b>	Liosta na n-iarrthóirí ar fáil.
Dé Luain, 6 <sup>ú</sup> Nollaig 2021 faoi <b>Mheán lae</b>	Féadfaidh iarrthóirí tarraingt siar go dtí 12 meán lae
Dé hAoine, 3 <sup>ú</sup> Nollaig 2021 idir <b>2-5 i.n.</b>	Rialú ar ainmniúcháin
Dé hAoine, 3 <sup>ú</sup> Nollaig 2021 faoi <b>1 i.n.</b>	An dáta deireanach chun ainmniúcháin a fháil
Dé Céadaoin, 10 <sup>ú</sup> Samhain 2021	Lá deireanach le fógra toghcháin a thabhairt

### Clár na dToghthóirí

Dáta	Gníomh
Dé Céadaoin, 10 <sup>ú</sup> Samhain 2021	Clár deiridh na dtoghthóirí ar fáil.
Dé hAoine, 5 <sup>ú</sup> Samhain 2021 faoi <b>Mheán lae</b>	Leasuithe ar chlár na dtoghthóirí le cur isteach faoin 12 meán lae.
Dé hAoine, 22 <sup>ú</sup> Deireadh Fómhair 2021	Rolla Toghcháin Sealadach ar fáil
Déardaoin, 30 <sup>ú</sup> Meán Fómhair 2021	Foireann atá fostaithe ag BOOLM ar an dáta seo i dteideal vótáil i dtoghchán.



## **Aguisín 2 - Ceisteanna Coitianta - Foireann a Thoghadh ar Bhord BOO**

### **1. Cumarsáid**

#### **1.1 Cén chaoi ar cheart do BOO cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí?**

Seachas páipéar ballóide agus doiciméid bhainteacha a eisiúint mar atá leagtha amach i Rialachán 18, tá sé de rogha ag Ceann Comhairimh cumarsáid a dhéanamh ar cibé bealach is cuí ina t(h)uairim féin nó cibé bearta a mheasann sé nó sí a bheith riachtanach a ghlacadh. Tá an Roinn den tuairim go mbeadh úsáid r-phoist, nuair is féidir, agus fógraí a chur ar shuíomh Gréasáin an BOO, ina modhanna úsáideacha cumarsáide.

#### **1.2 An féidir le toghthóir seoladh seachas a sheoladh téarma a úsáid ar rolla na dtoghthóirí nó eile chun críocha cumarsáide?**

Tá cead ag toghthóirí iarracht a dhéanamh a seoladh ar an rolla sealadach a athrú. Nó, b'fhéidir go mbeadh sé níos áisiúla dóibh a socrú féin a chur i bhfeidhm le go gcuirfí an post ar aghaidh chucu.

Chomh maith leis sin, níl Cinn Chomhairimh teoranta do na páipéir bhallóide agus an t-ábhar toghcháin gaolmhar a sheoladh chuig an seoladh ar an gclár. Luaitear ar Rialachán 18 (2) go bhféadfar cibé seoladh malartach a mheasann an Ceann Comhairimh a úsáid is féidir a úsáid.

#### **1.3 An gá páipéir bhallóide agus ábhar toghcháin eile a eisiúint do thoghthóirí tríd an bpost cláraithe?**

Ní gá. Ba cheart ábhar den sórt sin a sheoladh chuig toghthóirí tríd an ngnáthphost. Molann an Roinn go bhfaigheadh Ceann Comhairimh admhálacha postála.

#### **1.4 Ar chóir postas réamhíoctha a úsáid le haghaidh na gclúdach clúdacháin (chun páipéir bhallóide chomhlánaithe a thabhairt ar ais)?**

Ba chóir. Ba cheart do na BOOanna clárú le An Post mar úsáideoir gnó agus uimhir cheadúnais a fháil (féach [www.anpost.ie](http://www.anpost.ie) agus lean na naisc do Chustaiméirí Gnó, Freagra Gnó- Saorphost). Is faoi gach BOO priontáil na gclúdach réamhíoctha a shocrú a luaithe a fhaightear uimhir an cheadúnais.

Molann an Roinn go nglacfadh Cinn Chomhairimh leis go ndéanfar toghchán agus go rachaidís ar aghaidh chun é sin a shocrú láithreach.

Tabhair faoi deara go molann An Post an cárta Freagra Gnó mar an fhormaid is oiriúnaí (féach [www.anpost.ie](http://www.anpost.ie)).



### **1.5 Ar cheart do Cheann Comhairimh faisnéis a cheadú faoi iarrthóirí a chur ar shuíomh gréasáin an BOO?**

Is ceist don Cheann Comhairimh é sin. Mar sin féin, ionas nach bhféadfaí a fhorléiriú go raibh BOO i bhfabhar iarrthóirí áirithe, is é dearcadh na Roinne nár cheart céim den sórt sin a mheas ach amháin ar na coinníollacha a leanas:

- (a) tugtar an deis do gach iarrthóir an fhaisnéis sin a phostáil
- (b) tapaíonn gach iarrthóir an deis, agus
- (c) tugtar an tábhacht chéanna do gach iarrthóir ar an suíomh gréasáin.

### **1.6 Ar cheart go gceadófaí d'iarrthóirí litríocht bolscaireachta a chur san áireamh leis an ábhar toghcháin a chuirfidh BOOanna chuig toghthóirí?**

Tá an Roinn den tuairim nach mbeadh sé oiriúnach do BOO ábhar toghcháin a eisiúint thar ceann iarrthóirí.

## **2. Rolla na dToghthóirí**

### **2.1 Cad iad na socruithe ba chóir a chur i bhfeidhm maidir le rolla na dtoghthóirí**

- (a) Ba cheart rolla na dtoghthóirí a chur ar fáil do na baill foirne sin ar mian leo a dhearbhu go bhfuil siad ar rolla na dtoghthóirí nó ar mian leo a dhearbhu go bhfuil a gcuid sonraí ar an rolla ceart
- (b) Toisc go bhféadfadh faisnéis phearsanta a bheith ann, ba cheart do Chinn Chomhairimh a chinntiú go bhfuil an méid a leanas ar rolla na dtoghthóirí:
  - i. coimeádtar go daingean é agus ní thaispeántar é ar mhórbhealach poiblí, lena n-áirítear limistéar atá inrochtana do scoláirí nó d'fhoghlaimoirí;
  - ii. ní tharchuirfear go leictreonach é;
  - iii. níl aon fhaisnéis ann seachas ainm agus seoladh toghthóra agus a (h)uimhir uathúil;
- (c) Ag deireadh an phróisis toghcháin ba cheart don Cheann Comhairimh cóip de rolla na dtoghthóirí, a d'fhéadfadh a bheith i bhformáid leictreonach, a choinneáil go daingean ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag agus ina dhiaidh sin



ba cheart é a scríosadh. Ba cheart gach cóip eile a scríosadh díreach tar éis dhúnadh na n-ainmniúchán.

## **2.2 An féidir le hiarrthóirí rochtain a fháil ar rolla na dtoghthóirí?**

Tar éis an rialaithe ar ainmniúchán, féadfaidh iarrthóirí rochtain a fháil ar an gcóip chrua de rolla na dtoghthóirí a choinnítear go daingean i gceannoifig an BOO. Mar sin féin, ní cheadaítear d'iarrthóirí cóip den rolla nó de chuid den rolla a dhéanamh agus a choinneáil.

## **3. Próiseas ainmniúchán**

### **3.1 Ar cheart d'ainmní a s(h)eoladh oibre nó a s(h)eoladh baile a úsáid ar an bhfoirm dhearbhaithe?**

Moltar d'ainmnithe a seoltaí oibre a úsáid ar an bhfoirm dhearbhaithe.

### **3.2 Ar cheart d'ainmnitheoir a c(h)uid oibre nó a s(h)eoladh baile a úsáid ar an bpáipéar ainmniúchán?**

Iarrtar ar an bpáipéar ainmniúchán seoladh oibre na n-ainmnithe.

### **3.3 An bhfuil cead ag seachfhreastalaí an fhoirm thoilithe a shíniú?**

Ní féidir.

### **3.4 An féidir le hainmní níos mó ná páipéar ainmniúchán amháin a shíniú?**

Ní féidir. Ní mór d'ainmnithe a dhearbhú ar an bpáipéar ainmniúchán nár shínigh siad aon ainmniúchán eile agus ba cheart don ainmní a iarraidh ar na hainmnithe atá beartaithe aige nó aici é sin a dhearbhú.

## **4. Páipéir bhallóide**

### **4.1 Cé atá freagrach as priontáil páipéar ballóide a eagrú?**

Beidh gach BOO freagrach as páipéir bhallóide a phriontáil. Ba chóir é sin a dhéanamh “go himheánach” gan dul i muinín seirbhíse priontála seachtraí más féidir.





## **4.2 Cad é formáid na bpáipéar ballóide?**

Ba chóir go mbeadh páipéir bhallóide san fformáid atá leagtha amach sa teimpléad mar atá i Sceideal na Rialachán. Moltar páipéir bhallóide ar leithligh a phriontáil chun ball a thoghadh ó phainéal na mbaniarrthóirí agus chun ball a thoghadh ó phainéal na n-iarrthóirí fireanna, agus go ndéantar iad sin a dhathú ar bhealach difriúil chun cuidiú leis an bpróiseas comhairimh. Ba chóir na páipéir bhallóide a uimhriú go seicheamhach, ag tosú le huimhir 1. Níor cheart go mbeadh an uimhir chéanna ar dhá pháipéar ballóide.

## **5. An Marc Oifigiúil**

### **5.1 Cathain a chuirfear an marc oifigiúil in iúl do Chinn Comhairimh?**

Cuirfidh an Roinn an “marc oifigiúil” in iúl d’Oifigigh Tuairisceáin agus ba cheart go leagfadh foireann an BOO é ar perforators. Ba cheart eolas ar an marc oifigiúil a theorannú don Cheann Comhairimh, don Leas-Oifigeach Tuairisceáin agus do na baill foirne sin amháin a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo.

### **5.2 An féidir na páipéir a mharcáil leis an marc oifigiúil roimh an dáta deiridh le haghaidh ainmniúchán?**

D’fhonn an t-ualach oibre idir deireadh na n-ainmniúchán agus eisiúint ábhair toghcháin do thoghthóirí a laghdú, measann an Roinn go bhfuil sé in ord go ndéanfadh Cinn Chomhairimh socrú go ndéanfaí páipéir bhána a mharcáil, ar a ndéanfar páipéir bhallóide a phriontáil níos déanaí, roimh an dáta deiridh chun ainmniúcháin a fháil. I gcásanna den sórt sin, áfach, ní mór don Cheann Comhairimh gach páipéar a choinneáil slán i gcónaí. Ba cheart aon pháipéar den sórt sin atá marcáilte amhlaidh a scriosadh láithreach nuair is léir nach bhfuil siad ag teastáil.

### **5.3 Conas a gheobhaidh Ceann Comhairimh rochtain ar pholltóirí?**

Tá polltóirí ina seilbh ag na BOOanna sin a bhí le toghcháin a reáchtáil. Déanfaidh an Roinn socrú go n-eiseofar polltóirí chuig an gcuid eile de na BOOanna go luath.

### **5.4 Cad ba cheart a dhéanamh leis na polltóirí ag deireadh an phróisis toghcháin?**

Caithear bréifneoirí a thabhairt ar ais don Roinn. Rachfar i dteagmháil arís le Príomhfheidhmeannaigh maidir leis seo tar éis na toghcháin a bheith críochnaithe.



## **6. Próiseas Vótála**

### **6.1 An gcaithfidh finné ar an bhfoirm dhearbhaithe aitheantais a bheith ina bhall foirne den BOO?**

Ní chaithfidh. Is é an t-aon choinníoll atá ann ná go bhfuil aithne phearsanta ag an bhfinné ar an toghthóir agus gur shínigh sé nó sí an dearbhú i láthair an duine sin.

### **6.2 Cad a luann finné atá dífhostaithe mar shlí bheatha aige nó aici ar an bhfoirm dhearbhaithe aitheantais?**

Féadfaidh duine mar sin an téarma “dífhostaithe” nó “gan aon phost” a chur isteach.

## **7. Boscaí Ballóide**

### **7.1 Cad é freagracht an Chinn Chomhairimh maidir le boscaí ballóide?**

D'fhonn sláine an phróisis toghcháin a choimeád, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcoinnítear boscaí ballóide go sábháilte. Dá réir sin, ba cheart boscaí ballóide a choinneáil i gceannoifig an BOO agus rochtain a bheith teoranta don Cheann Comhairimh, don Leas-Cheann Comhairimh nó do bhaill foirne eile atá freagrach as na clúdaigh chlúdacháin a chur sa bhosca ballóide (líon chomh beag daoine agus is gá).

### **7.2 Cad ba cheart a dhéanamh leis na boscaí ballóide ag deireadh na vótaíochta?**

Ba cheart don Cheann Comhairimh ag deireadh na vótaíochta, an bosca ballóide a shéalú lena s(h)éala agus a chinntiú nach féidir aon pháipéar breise a chur isteach. Molann an Roinn go ndéanann Cinn Chomhairimh idirchaidreamh le Ceann Comhairimh/Cláraitheoirí Contae chun séalaí céarach a fháil chun na críche sin.

Ba chóir boscaí ballóide a choinneáil slán roimh an gcomhaireamh, go hidéalach sa lárionad comhairimh nó gar dó.



### **7.3 Cad ba cheart a dhéanamh leis na boscaí ballóide ag deireadh an phróisis toghcháin?**

Ba cheart don Phríomhfheidhmeannach socruithe áitiúla a dhéanamh chun na boscaí ballóide a chur ar ais faoi choimeád an Chláraitheora Contae/an Chinn Comhairimh ábhartha.

## **8. Clúdaigh chlúdacháin a fháil (páipéir bhallóide chomhlánaithe)**

### **8.1 Cad ba cheart a bheith sa nós imeachta laethúil le linn na tréimhse chun páipéir bhallóide a fháil?**

Molann an Roinn gur chóir don Cheann Comhairimh, don Leas-Cheann Comhairimh nó do bhall foirne dá sanntar amhlaidh, clúdaigh chlúdacháin a dheighilt ón bpost eile láithreach agus an clúdach poist a dheighilt agus na clúdaigh chlúdacháin a chur sa bhosca ballóide. Ba cheart an bosca ballóide a dhaingniú láithreach ionas nach féidir rochtain a fháil ar an mbosca, seachas le daoine iomchuí.

### **8.2 Cad a tharlaíonn má fhaigheann Ceann Comhairimh páipéar ballóide seachas tríd an bpost?**

Ba chóir go bhfanfadh clúdaigh chlúdacháin a fhaightear bealach seachas tríd an bpost gan oscailt, formhuinithé “ní tríd an bpost” agus ba cheart don Cheann Comhairimh iad a choinneáil ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis thabhairt chun críche an toghcháin, agus ag an bpointe sin féadfaidh an Ceann Comhairimh iad a dhiúscairt.

## **9. Lá an chomhairimh**

### **9.1 Cá háit ar chóir ionad an chomhairimh a lonnú?**

Is ceist don Cheann Comhairimh é sin, ach bheadh scoil nó ceannoifig de chuid an BOO le saoráid stórála slán oiriúnach.

### **9.2 Cé mhéad ball foirne/cad iad na gráid foirne ba chóir a bheith i láthair ar lá an chomhairimh?**

Is faoi rogha an Phríomhfheidhmeannaigh é seo, ach ba cheart na huimhreacha agus na costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir chun an toghchán a réachtáil ar bhealach ceart agus slán.



Is é 1 nó 2 bhall foirne ar Ghrád III/IV, aon duine sinsearach riaracháin (Grád VI) agus Ceann Comhairimh.

## **10. Foireann bhreise**

### **10.1 An féidir le BOO foireann bhreise a earcú chun críocha an toghcháin?**

Ní féidir - Níl sé de rogha ag Príomhfheidhmeannaigh foireann bhreise a earcú.

## **11. Costais**

### **11.1 An íocfaidh an Roinn costais bhreise a thabhaítear sna toghcháin?**

Sea, íocfaidh an Roinn costais bhreise a thabhoíd na BOOanna mar thoradh ar an bpróiseas toghcháin. Ba cheart costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir chun an toghchán a réachtáil de réir cheanglais na Rialachán agus an chiorclán seo. Ba cheart do Phríomhfheidhmeannaigh éilimh a chur faoi bhráid Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin an BOO ag deireadh an phróisis toghcháin.

Féadfaidh na costais a leanas a bheith san áireamh:

- Pá (gan ragobair a áireamh);
- Pá ragoibre (más ann - sonraí le soláthar);
- Costais postais;
- Costais phriontála;
- Costais ábhar.

Ba cheart éilimh ar aisíocaíocht costas a dhéanamh faoi na ceannteidil thuas. Maidir le haon chostas a thabhaítear lasmuigh de na ceannteidil sin, ba cheart an costas sin a shainaithint go soiléir.

